Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11207 — RENRE / VALIDUS RE / ALPHACAT / TALBOT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 282/07)

1. An 4 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— RenaissanceRe Holdings Ltd. ('RenRe', Beirmiúda),

— Gnó athárachais conartha American International Group, Inc., atá comhdhéanta de Validus Reinsurance, Ltd. agus dá fhochuideachtaí comhdhlúite ('Validus Re', Beirmiúda), AlphaCat Managers Ltd. agus dá chistí bainistithe ('Alphacat', Beirmiúda), agus de gach ceart athnuachana ar ghnó athárachais conartha Talbot Underwriting Ltd ('Talbot', an Ríocht Aontaithe) ('gnó athárachais conartha AIG' le chéile).

Gheobhaidh RenRe rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar ghnó athárachais conartha Garnica ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí domhanda athárachais agus árachais é RenRe, a bhfuil speisialtóireacht aige i maoin, athárachas taismigh agus speisialtachta agus réitigh árachais áirithe,

— Is éard atá i ngnó athárachais conartha AIG Validus Re, Alphacat agus cearta athnuachana ar ghnó athárachais conartha Talbot. Is grúpa domhanda athárachais é Validus Re atá dírithe ar athárachas conartha, agus a dhíríonn go príomha ar riosca athárachais neamhshaoil. Is comhairleoir infheistíochta é Alphacat do shraith cistí agus meán urrús atá nasctha le hárachas. Soláthraíonn Alphacat bainistíocht punainne, luacháil, tionscnamh idirbheart athárachais agus oibríochtaí bainistíochta sócmhainní freisin. Is grúpa (ath)árachais speisialtachta é Talbot.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11207 — RENRE / VALIDUS RE / ALPHACAT / TALBOT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË